2026/2387

3.11.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/2387 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2026

maidir leis an gClár um nuálaíocht shofhreagrach mhear i réimse na cosanta a bhunú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2024/795 agus (AE) 2026/467

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is bagairt don Aontas é filleadh na cogaíochta ard-déine mar thoradh ar chogadh foghach gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin, rud a éilíonn méadú mór marthanach ar inniúlacht na mBallstát a gcumais chosanta agus a n-ullmhacht cosanta a threisiú. Mar gheall ar an meath fadtéarmach ar an tslándáil réigiúnach agus dhomhanda, tá gá le claochlú domhain ar Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (BTTCE) chun a áirithiú go mbeidh sé in ann na táirgí cosanta nuálacha, lena n-áirítear teicneolaíochtaí, a theastaíonn ó fhórsaí armtha na mBallstát a sholáthar i gcainníochtaí leordhóthanacha agus laistigh den tréimhse ama is gá, go háirithe le linn cogaidh.

(2) Ag an gcruinniú in Versailles an 11 Márta 2022, gheall Cinn Stáit nó Rialtais na mBallstát cumais chosanta na hEorpa a neartú, caiteachas cosanta na mBallstát a mhéadú, dlús a chur leis an gcomhar trí thionscadail chomhpháirteacha agus trí sholáthar comhoibríoch cumas cosanta, easnaimh a dhúnadh, borradh a chur faoin nuálaíocht agus an tionscal cosanta Eorpach a neartú agus a fhorbairt.

(3) Tá an nuálaíocht ríthábhachtach chun ullmhacht cosanta an Aontais a bhaint amach agus chun tacú léi, go háirithe i ré seo na mbagairtí atá ag dul i ndéine, na hiomaíochta sistéamaí agus na gcoimhlintí geopholaitiúla. Le hiomadú na mbagairtí spreagadh rás na n-arm idirnáisiúnta agus iomaíocht theicneolaíoch dhomhanda, agus tá ról cinntitheach ag teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach i réimsí amhail IS, candam, róbataic, cibearspás agus spás maidir le buntáiste straitéiseach a choinneáil ar bun agus díspreagadh inchreidte a áirithiú. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, tá gá le tástáil mhear, bailíochtú mear agus comhtháthú mear na dteicneolaíochtaí sin i gcumais chosanta, chomh maith le rannpháirtíocht leanúnach leis an éiceachóras teicneolaíochta agus nuálaíochta.

([1]) IO C, C/2026/3556, 22.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/3556/oj.
([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Deireadh Fómhair 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2026.

(4) Léiríonn cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin a thapa atá teicneolaíochtaí cosanta ag athrú. Tá timthriallta nuálaíochta ag éirí níos tapúla, rud a chiallaíonn gur gá táirgí cosanta a oiriúnú go tapa agus go leanúnach. Leis na hathruithe sin, tá dinimicí na láithreach catha á n-athmhúnlú freisin agus cuirtear béim ar a thábhachtaí ó thaobh oibríochta de atá réitigh ísealchostais agus réitigh bogearraí-bhunaithe ar féidir iad a atriallú agus a chur in úsáid ar luas gasta marthanach, lena n-áirítear na Córais Uathrialacha Gan Foireann ('UAS'), bogearraí, braiteoirí, córais chumarsáide, teicneolaíochta frith-UAS gaolmhara, agus réitigh eile nach iad. Tá ról lárnach ag fiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna'), lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis, a bhfuil cúlra sibhialtach acu go minic, maidir le tacú le fórsaí cosanta agus armtha na hÚcráine. Tugann na gníomhaithe cosanta nua sin nuálaíocht níos tapúla, níos mó solúbthachta, réitigh chostéifeachtúla, agus smaointe agus próisis oibríochtúla nua chun cinn. Dá thoradh sin, tá siad ina gceann feadhna maidir le BTTCE a athrú ó bhonn. Sa Pháipéar Bán Comhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 19 Márta 2025 maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030, cuirtear i dtábhacht a thábhachtaí atá éiceachóras láidir nuálaíochta teicneolaíche. Tá sin ríthábhachtach chun a áirithiú gur féidir le tionscal cosanta na hEorpa, na Ballstáit agus na tríú tíortha comhlachaithe coinneáil suas le cineál mearathraitheach na cogaíochta nua-aimseartha, réimse ina bhfuil an cumas teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint, a oiriúnú agus a sholáthar ina phríomhcheanglas oibríochtúil.

(5) Chun tacaíocht chuimsitheach a chur ar fáil do thaighde agus forbairt chomhoibríoch táirgí cosanta, tá an Ciste Eorpach Cosanta bunaithe ag an Aontas. Agus buiséad EUR 7,3 billiún aige faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027, tá sé d'aidhm ag an gCiste Eorpach Cosanta iomaíochas, comhar, éifeachtúlacht agus cumas nuálaíochta BTTCE a chur chun cinn, chomh maith le hilroinnt laistigh de BTTCE a laghdú. Mar cheann de na cláir taighde agus forbartha cosanta is mó san Eoraip, tacaíonn an Ciste Eorpach Cosanta le forbairt chomhoibríoch na gcóras cosanta is casta nach bhféadfadh aon Bhallstát a fhorbairt ina aonar. Tacaíonn sé freisin le slabhraí soláthair Eorpacha nua i réimse na cosanta a fhorbairt. Mar chuid den Chiste Eorpach Cosanta, bunaíodh Scéim Nuálaíochta Cosanta an Aontais (EUDIS) in 2022 chun tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do ghníomhaithe cosanta neamhthraidisiúnta, go háirithe FBManna, agus chun bacainní ar iontráil sa mhargadh a laghdú. Tá roinnt tionscnamh i gceist le EUDIS, amhail glaonna spriocdhírithe taighde agus forbartha, luasghéarú gnó agus seirbhísí meaitseála, haiceatóin, agus maoiniú cothromais, arb é atá iontu thart ar 20 % de bhuiséad an Chiste Eorpaigh Cosanta a ghealltar gach bliain. Rannchuidigh na gníomhaíochtaí sin le BTTCE a mhéadú agus le hacmhainneacht nuálaíochta cosanta a chothú ar fud an Aontais. Ina theannta sin, soláthraíonn tionscnamh BraveTech EU de chuid an Chiste Eorpaigh Cosanta tuilleadh tacaíochta do nuálaithe cosanta, rud a thugann rochtain de réir a chéile dóibh ar chistiú in éineacht le tástáil teicneolaíochta agus timthriallta forbartha atriallacha. Díríonn sé ar réitigh a fhorbairt bunaithe ar riachtanais chosanta arna sainaithint ag an Úcráin, rud a thugann deis dhíreach do thionscal na hÚcráine comhoibriú le nuálaithe cosanta an Aontais.

(6) Le Rialacháin (AE) 2021/695 ([3]) agus (AE) 2024/795 ([4]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, cuirtear ar a chumas do Luasaire na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE) tacú le teicneolaíochtaí dé-úsáide agus infheistíocht i dteicneolaíochtaí cosanta a spreagadh faoin Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP). Ina theannta sin, ceadaítear leis an Rialachán seo tacaíocht dhíreach ó CNE do theicneolaíochtaí cosanta i bhfoirm maoiniú cothromais dhírigh.

(7) Le Rialachán (AE) 2025/2653 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), tugadh isteach teicneolaíochtaí cosanta mar cheathrú réimse infheistíochta faoi STEP, in éineacht le bith-theicneolaíochtaí, teicneolaíochtaí digiteacha agus teicneolaíochtaí glana. Déantar foráil i Rialachán (AE) 2024/795 maidir le Séala Ceannasachta a dhámhachtain do na tionscadail a chomhlíonann na híoscheanglais cháilíochta a leagtar amach sna cláir a liostaítear sa Rialachán sin. Lipéad cáilíochta a bheidh sa Séala Ceannasachta lena dtabharfar an deis cistiú, bíodh sin cistiú iomlán, carnach nó meascán den dá cheann, a fháil faoi chláir eile de chuid an Aontais, nó ó na Ballstáit. Chun go mbeidh na tionscadail a chomhlíonann na híoscheanglais cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán seo incháilithe do Shéala Ceannasachta, ba cheart Rialachán (AE) 2024/795 a leasú chun an clár a bhunaítear leis an Rialachán seo a áireamh ar liosta na gclár incháilithe.

([3]) Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2025/2653 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/694, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697, (AE) 2021/1153, agus (AE) 2024/795, a mhéid a bhaineann le hinfheistíocht maidir le cosaint a dhreasú i mbuiséad an Aontais chun an Plean ReArm Europe a chur chun feidhme (IO L, 2025/2653, 22.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2653/oj).

(8) Le Rialachán (AE) 2025/2653, tugadh isteach athruithe spriocdhírithe ar Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), freisin, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí maidir le teicneolaíocht shuaiteach i réimse na cosanta. Go sonrach, leis na hathruithe sin, tugtar an deis na critéir agus nósanna imeachta roghnúcháin agus dámhachtana is iomchuí a shainiú sa chlár oibre le haghaidh gach glao ar thograí tionscadail. Ina theannta sin, le Rialachán (AE) 2026/2382 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), tugadh isteach tuilleadh leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/697, lena leathnaítear an fhéidearthacht sin chun na glaonna uile a sheoltar faoin gCiste Eorpach Cosanta a chumhdach, go háirithe na glaonna sin atá dírithe ar FBManna.

(9) Sa bhreis ar an tacaíocht a chuirtear ar fáil trí ionstraimí de chuid an Aontais atá ann cheana, ba cheart clár nua a bhunú ('an Clár') chun tacaíocht mhear solúbtha, spriocdhírithe a chur ar fáil do FBManna d'fhonn réitigh nuálacha chosanta a fhorbairt agus chun a áirithiú go gcuirfear ar fáil go tapa iad do na Ballstáit agus do thríú tíortha comhlachaithe, agus béim á leagan ar chostéifeachtúlacht. Ba cheart don Chlár díriú ar thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt mhear na dtáirgí cosanta atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach, lena n-áirítear do na comhpháirteanna is gá chun iad a tháirgeadh, chun go mbeidh siad ag ardleibhéal ullmhachta teicneolaíochta, lena n-áirítear teicneolaíochtaí sibhialta a oiriúnú chun críche cosanta. Ba cheart don Chlár aghaidh a thabhairt ar na riachtanais forbartha cumais is práinní de chuid na mBallstát agus de chuid na dtríú tíortha comhlachaithe, agus na tosaíochtaí cumais arna sainaithint i gcomhthéacs an chomhbheartais eachtraigh agus slándála (CBES) agus na réimsí tosaíochta cumais arna sainaithint ar leibhéal an Aontais, caighdeáin ECAT agus na caighdeáin ábhartha eile á gcur san áireamh, agus béim ar leith á leagan ar réitigh chosanta ar chostas íseal. Ba cheart don Chlár dlús a chur le timthriallta nuálaíochta na dtáirgí cosanta atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach, agus a bhforbairt a hailíniú le riachtanais phráinneacha na mBallstát agus na dtríú tíortha comhlachaithe, agus acmhainneacht nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais in iomláine á giaráil ag an am céanna. Ba cheart dó na Ballstáit, tríú tíortha comhlachaithe agus príomhchonraitheoirí a spreagadh chun na táirgí sin a ghlacadh freisin, trí thacú leis na réitigh arna bhforbairt ag FBManna a mhéadú ar fud na hEorpa agus lena gcomhtháthú i slabhraí soláthair cosanta trasteorann agus trí slándáil an tsoláthair le haghaidh táirgí cosanta san Aontas a neartú, rud a laghdódh spleáchais straitéiseacha ar deireadh agus a rannchuideodh le buntáiste teicneolaíoch agus cumais oibríochtúla na mBallstát a threisiú.

(10) Chun cur chun feidhme éifeachtúil bhuiséad an Aontais a áirithiú, beidh an Clár go hiomlán comhlántach le hionstraimí an Aontais atá ann cheana lena dtacaítear leis an nuálaíocht i réimse na cosanta. Tacaíonn EUDIS le gníomhaithe cosanta neamhthraidisiúnta laistigh de chreat an Chiste Eorpaigh Cosanta níos leithne, lena n-áirítear deontais taighde agus forbartha do chuibhreannais agus gníomhaíochtaí tacaíochta eile atá dírithe ar eintitis aonair, mar atá, an Luasaire Gnó agus Meaitseáil. Cothaíonn an Mol Nuálaíochta um Chosaint (HEDI), atá á bhainistiú ag an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, comhar i measc na mBallstát maidir le nuálaíocht i réimse na cosanta. Cuidíonn HEDI le tacaíocht nuálaíochta ar leibhéal an Aontais a nascadh le riachtanais chumais a shainaithnítear go coitianta: cuireann sé struchtúr ar na gníomhaíochtaí nuálaíochta bunaithe ar cheanglais oibríochtúla agus trí réitigh a bhfuil gealladh fúthu a nascadh le tástáil, turgnamhaíocht, rannpháirtíocht úsáideoirí agus conairí féideartha i dtreo ghlacadh na réiteach sin. Tríd an gcur chuige seo, rannchuidíonn HEDI lena áirithiú ní hamháin go dtugtar tacaíocht don nuálaíocht san earnáil cosanta i gcaoi go dtugtar aghaidh ar na forbairtí teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, ach go bhfuil sí fréamhaithe maidir le hábharthacht mhíleata agus cur chun feidhme praiticiúil freisin. Is príomhchlár nuálaíochta de chuid an Aontais é CNE chun teicneolaíochtaí ceannródaíocha agus nuálaíocht shuaiteach a shainaithint, a fhorbairt agus a mhéadú. Tar éis ghlacadh Rialachán (AE) 2025/2653, cuirfidh Scéim Uas-Scálaithe STEP de chuid an CNE maoiniú cothromais dhírigh ar fáil chun cuidiú le cuideachtaí cosanta agus dé-úsáide a nuálaíochtaí a uas-scálú. Líonann an Clár bearna ar leith, toisc go dtabharfaidh sé tacaíocht chuíchóirithe dhíreach do FBManna aonair chun réitigh nuálacha a fhorbairt agus chun go nglacfaidh na Ballstáit agus an tionscal na réitigh sin, le hamlínte dámhachtana an-ghearr agus nasc soiléir le riachtanais chumais na mBallstát. Dá bhrí sin, ba cheart dó a chur ar a chumas don Aontas cineálacha cur chuige nua a phíolótú chun tacú leis an nuálaíocht i réimse na cosanta, agus ionstraimí an Aontais atá ann cheana á gcomhlánú ar fud leibhéil aibíochta éagsúla, méideanna cuibhreannais, tráthchláir agus réimsí teicneolaíochta éagsúla. Mar gheall ar éabhlóid thapa na mbagairtí cosanta, is gá aistriú i dtreo cur chuige níos solúbtha chun é a chur ar a gcumas do chuideachtaí nuálacha, go háirithe FBManna, freagairt go tapa do dhúshláin chumais shainaitheanta. Dá bhrí sin, ba cheart don Chlár tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí nuálaíochta atá bunaithe ar dhúshláin le timthriallta meara atriallta, atá nasctha go díreach le ceanglais oibríochtúla tosaíochta na mBallstát.

([6]) Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/697/oj).

([7]) Rialachán (AE) 2026/2382 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2026 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1907/2006, (CE) Uimh. 1272/2008, (AE) Uimh. 528/2012, (AE) 2019/1021 agus (AE) 2021/697 a mhéid a bhaineann le hullmhacht cosanta agus lena n-éascaítear infheistíochtaí cosanta agus coinníollacha le haghaidh an tionscail cosanta (IO L, 2026/2382, 3.11.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/2382/oj).

(11) Ba cheart don Choimisiún féachaint le sineirgí a uasmhéadú idir cláir de chuid an Aontais chun tacú leis an nuálaíocht. Chuige seo, d'fhéadfadh sé conairí meara a mholadh idir an Clár agus tionscnaimh ábhartha eile de chuid an Aontais, amhail Luasaire CNE, an Scéim Uas-scálaithe STEP agus Luasaire Gnó EUDIS. I gcás inarb ábhartha, leis an gClár, leis an gClár ba cheart sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le gníomhaíochtaí ECAT i réimse na nuálaíochta cosanta a mheas freisin, lena n-áirítear Luasaire Nuálaíochta Cosanta ECAT don Atlantach Thuaidh (DIANA).

(12) Leis an gClár, ba cheart féachaint le dlús nach beag a chur le timthriallta nuálaíochta na dtáirgí cosanta agus teicneolaíochtaí cosanta ar baol dóibh a bheith suaiteach, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil ar fáil ar an margadh go fóill, d'fhonn a áirithiú go mbeidh siad go hiomlán insaothraithe agus réidh lena n-úsáid ag úsáideoirí deiridh laistigh de bhliain amháin go trí bliana. Ba cheart a áirithiú leis an gClár freisin, i gcás inarb ábhartha, go ndéanfar coimircí iomchuí cibearshlándála agus cibear-athléimneachta a chomhtháthú i dtáirgí a fhaigheann tacaíocht ón gClár. Ba cheart dó an tsolúbthacht is mó is féidir a thabhairt do nuálaithe chun réitigh nua a mholadh, lena n-áirítear ina cháil mar eintitis dhlítheanacha aonair, agus an tráth céanna ligean do chúraimí sonracha a ligean ar fochonradh nó comhoibriú le heintitis eile le linn chéim an chur chun feidhme.

(13) Is é dúshlán struchtúrach leanúnach atá roimh FBManna cosanta na hEorpa, an bhearna idir nuálaíocht rathúil agus imscaradh oibríochtúil ag fórsaí armtha na mBallstát agus tríú tíortha comhlachaithe. Chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sin, ba cheart don Chlár bheith ag teacht le fíor-riachtanais tosaíochta na mBallstát agus na dtríú tíortha comhlachaithe maidir le cosaint. Agus an méid sin á dhéanamh, ba cheart dó tacú le glacadh réiteach nuálacha ag a bhfórsaí armtha agus ag a dtionscail cosanta, go háirithe príomhchonraitheoirí agus fochonraitheoirí den chéad sraith. Leis an gClár, ba cheart próiseas mear a bhunú chun é a chur ar a chumas don Aontas tacú le tástáil agus cur in úsáid sásraí tacaíochta nuálacha lena dtugtar aghaidh ar na ceanglais ullmhachta cosanta is práinní, lena n-áirítear an ceanglas tacú leis na réimsí cumais tosaíochta arna sainaithint ar leibhéal an Aontais agus Tionscadail Eorpacha Leasa Choitinn i réimse na Cosanta (TELCCanna), i gcás inarb ábhartha. Leis an gClár, ba cheart próiseas mear a bhunú chun rochtain a fháil ar shaoráidí tástála agus turgnamhaíochta san Aontas agus, i gcás inarb ábhartha agus faoi réir a gcomhaontaithe, i dtríú tíortha comhlachaithe.

(14) Leis an gClár, ba cheart tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le tástáil allamuigh, turgnamhaíocht agus taispeántais, lena n-áirítear trí leas a bhaint as obair leanúnach na Gníomhaireachta Eorpach um Chosaint, i gcás inarb iomchuí. Leis na gníomhaíochtaí seo, ba cheart eintitis a bheith in ann réitigh nuálacha a bhailíochtú i ndálaí oibríochtúla réalaíocha, rud a ghinfidh aiseolas fíor-ama is féidir a úsáid chun na réitigh a bheachtú agus feabhas a chur orthu trí phróiseas atriallach. Is ríthábhachtach í rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát agus na ngníomhaithe ábhartha tionsclaíocha, cuir i gcás na príomhchonraitheoirí agus na fochonraitheoirí céad leibhéil, ag gach céim den phróiseas sin, bíodh sin na ceanglais tástála a bhunú nó measúnú a dhéanamh ar na cumais léirithe. Is féidir leis an rannpháirtíocht sin cuidiú le comharthaí éilimh inchreidte a chruthú agus le cinntí soláthair ina dhiaidh sin a éascú. Ina theannta sin, is féidir leis an gClár tacú le glacadh teicneolaíochtaí agus táirgí nua tríd an éileamh a chomhiomlánú agus trí shásraí nuálacha soláthair a úsáid, amhail comhpháirtíochtaí nuálaíochta. Is féidir ardáin agus seirbhísí comhroinnte a fhorbairt freisin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais oibríochtúla chomhchoiteanna úsáideoirí deiridh iomadúla.

(15) Tá cumais spásbhunaithe ina gcumasóirí fíor-riachtanacha d'oibríochtaí cosanta agus slándála nua-aimseartha, lena soláthraítear feidhmeanna criticiúla lena n-áirítear faisnéis, faireachas agus taiscéalaíocht, cumarsáid shlán, suí, loingseoireacht agus uainiú, agus luathrabhadh. Thairis sin, mar gheall ar spleáchas méadaitheach na bhfórsaí armtha ar shócmhainní spásbhunaithe, mar aon le leochaileacht mhéadaitheach an bhonneagair spáis i leith bagairtí, is tosaíocht straitéiseach í athléimneacht agus freagrúlacht earnáil spáis na hEorpa. Mar gheall ar chineál dé-úsáide na dteicneolaíochtaí agus na seirbhísí spáis, tá impleachtaí díreacha láithreacha ag an nuálaíocht in earnáil an spáis ar chumais chosanta, agus is féidir leis an éileamh sin atá dírithe ar an gcosaint dlús a chur le forbairt agus tráchtálú theicneolaíochtaí spáis na hEorpa. Dá bhrí sin, ba cheart, leis an gClár, tacú le cumais chosanta nuálacha spásbhunaithe agus spáschumasaithe a fhorbairt, trí iontrálaithe nua agus gníomhaithe neamhthraidisiúnta a áireamh, chun uathriail straitéiseach an Aontais sa spás a fheabhsú agus BTTCE a neartú. Áirítear leis seo rannchuidiú le Seirbhís Rialtais um Fhaire na Cruinne a fhorbairt amach anseo ag a mbeidh cumais uathrialaitheacha, athléimneacha agus um fhaire na cruinne de ghrád cosanta. Ba cheart don Chlár tacú freisin le gníomhaíochtaí i réimse an spáis chun dlús a chur le glacadh cumas cosanta spásbhunaithe ag na Ballstáit agus ag an Aontas, i gcomhréir leis an gClár Spáis, leis an gClár um Nascacht Shlán nó a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh, agus comhsheasmhacht le tionscnaimh ábhartha an Aontais a bhaineann leis an spás á áirithiú ag an am céanna.

(16) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun cláir oibre agus cinntí dámhachtana a ghlacadh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

(17) I gcomhréir le hAirteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), is féidir le saineolaithe seachtracha cúnamh a thabhairt don choiste meastóireachta, de bhun cinneadh ón oifigeach údarúcháin atá freagrach. Chun rúndacht obair an choiste meastóireachta a chosaint, agus de mhaolú ar Airteagal 242(4) den Rialachán sin, níor cheart liosta na saineolaithe neamhspleácha a chur ar fáil don phobal.

(18) Leis an gclár oibre, ba cheart glaonna ar thograí a leagan amach, ar féidir a bheith i bhfoirm dúshláin lena dtugtar aghaidh ar riachtanais shonracha cosanta arna sainaithint i gcomhar leis na Ballstáit trí phróiseas struchtúrtha a bhfuil baint ag na Ballstáit leis, ionas go bhfreagróidh tionscadail dá dtugtar tacaíocht d'fhíor-riachtanais tosaíochta na mBallstát maidir le cosaint. Ba cheart na riachtanais shonracha cosanta sin a shainaithint freisin ar bhonn Thosaíochtaí Cumais an Aontais, a eascraíonn as an bPlean Forbartha Cumais agus, de réir mar is iomchuí, arna gcomhlánú leis na bearnaí agus na deiseanna arna sainaithint tríd an Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint. Ba cheart dlúthbhaint a bheith ag an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, mar an comhlacht atá freagrach as an bPlean Forbartha Cumais agus mar óstach ar HEDI, agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, lena n-áirítear Foireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh, chomh maith le hionadaithe tríú tíortha comhlachaithe, le dúshláin a shainaithint. Ba cheart don Choimisiún leas a bhaint, ar bhonn comhairleach agus ar bhonn comhairleach amháin, as ionchur ó ghníomhaithe seanbhunaithe sa tionscal cosanta agus ó BTTCE i gcoitinne, lena n-áirítear príomhchonraitheoirí, chun dúshláin a fhoirmliú, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha chumais atá dírithe ar mhisin, ar choinníoll nach n-imreoidh an t-ionchur sin tionchar ar dhearadh na nglaonna ar thograí ar bhealach a dhéanfadh dochar don iomaíocht chóir nó do rannpháirtíocht na ngníomhaithe nua cosanta, go háirithe FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis. I ngach cás, ba cheart tosaíocht a thabhairt do na dúshláin a mheallann an tacaíocht is leithne is féidir ó na Ballstáit, lena léirítear fíoréileamh chomhchoiteann agus ailíniú straitéiseach, agus lena rannchuidítear le hullmhacht cosanta an Aontais ina iomláine. Chun raon iomlán na nuálaíochta a chumhdach, ba cheart glaonna lena dtugtar aghaidh ar chuspóirí nuálaíochta cosanta níos leithne a áireamh sa Chlár freisin. Agus tionscadail á roghnú faoi na glaonna sin, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go mbeidh an Clár i gcónaí ina chuidiú chun acmhainneacht thionsclaíoch i dtaca leis an gcosaint a neartú ar fud an Aontais ina iomláine agus chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí práinneacha agus ar bhagairtí marthanacha araon.

(19) Is é is aidhm don Chlár tacú le hiarrachtaí nuálaíochta ghníomhaithe cosanta neamhthraidisiúnta, agus FBManna go príomha. Trí thacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil, féachann an Clár le dlús a chur le haibiú agus le mionchoigeartú a dteicneolaíochtaí agus a dtáirgí suaiteacha agus na teicneolaíochtaí agus na táirgí sin a thabhairt níos gaire don mhargadh, rud a fheabhsóidh iomaíochas agus fás na ngníomhaithe sin ar deireadh.

(20) Ba cheart do thríú tíortha ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a bheith in ann a bheith rannpháirteach sa chlár mar thríú tíortha comhlachaithe faoi chuimsiú an chomhair arna bhunú faoin gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([10]), lena bhforáiltear do chur chun feidhme na gclár ar bhonn cinneadh arna ghlacadh faoin gComhaontú sin. Ba cheart don Úcráin a bheith in ann páirt a ghlacadh sa Chlár freisin mar thríú tír chomhlachaithe, i gcomhréir leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile ([11]).

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

([9]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

([10]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.

([11]) IO L 161, 29.5.2014, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2014/295/oj.

(21) Tá damáiste ollmhór déanta ag cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin san Úcráin féin. Thairis sin, chaill an Úcráin rochtain ar mhargaí airgeadais idirnáisiúnta agus tháinig laghdú mór ar ioncam poiblí, agus an tráth céanna, tá méadú mór tagtha ar chaiteachas poiblí. I bhfianaise an mhéid sin, is dócha go mbeidh riachtanais chistiúcháin shubstainteacha ag an Úcráin sna blianta amach romhainn. Ar an gcúis sin, ní cheanglófar ar an Úcráin ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh leis an gClár chun go mbeidh baint aici leis. Leagfar amach na téarmaí agus na coinníollacha sonracha lena rialaítear rannpháirtíocht na hÚcráine sna comhaontuithe comhlachais maidir le rannpháirtíocht sa Chlár.

(22) Ós rud é gurb é is aidhm don Chlár tacú le hacmhainn nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais, níor cheart ach eintitis dhlíthiúla atá bunaithe san Aontas nó i dtríú tíortha comhlachaithe agus nach bhfuil faoi réir rialú ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ag eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe a bheith incháilithe do thacaíocht. Ina theannta sin, chun leasanna slándála agus cosanta fíor-riachtanacha an Aontais agus na mBallstát a chosaint, ba cheart bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní fhaighteoirí cistithe ón Aontas agus na bhfochonraitheoirí a bhfuil baint acu le gníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht faoin gClár a bheith lonnaithe ar chríoch Ballstáit nó tríú tír chomhlachaithe ar feadh thréimhse iomlán na gníomhaíochta, agus ba cheart do na faighteoirí a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin a bheith lonnaithe san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe. Chun na leasanna bunúsacha slándála agus cosanta sin a chosaint, ba cheart feidhm a bheith ag na critéir incháilitheachta sin freisin maidir le cistiú a sholáthraítear trí sholáthar.

(23) Léiríodh sa mheastóireacht eatramhach ar an gCiste Eorpach Cosanta (CEC) go bhfuil an t-ualach riaracháin agus an t-am is gá chun ráthaíochtaí a thabhairt i gcás ina bhfuil faighteoir cistithe ón Aontas atá bunaithe san Aontas faoi rialú tríú tír nó eintiteas neamhchomhlachaithe nó eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe ar neamhréir leis an luas agus leis an tsolúbthacht is gá chun an clár a chur chun feidhme go héifeachtach. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo agus chun cur chun feidhme tapa an Chláir a éascú, níor cheart maoluithe ar an bprionsabal nár cheart na faighteoirí a bheith á rialú ag eintitis atá bunaithe lasmuigh den Aontas nó lasmuigh de na tríú tíortha comhlachaithe a cheadú. Léiríonn taithí a fuarthas ó chláir faoin tionscal cosanta a bhí ann roimhe seo freisin go mbíonn castacht bhreise nós imeachta agus tréimhsí meastóireachta níos faide mar thoradh ar ráthaíochtaí a sholáthar, agus nach dócha go ndéanfaí difear mór don líon eintiteas incháilithe dá mbainfí an eisceacht seo.

(24) Chun a áirithiú gur féidir leis na Ballstát tairbhe a bhaint as teicneolaíochtaí úrscothacha agus nuálaíocht úrscothach, ba cheart don Chlár a bheith in ann dreasachtaí a sholáthar chun FBManna mhealladh, ar FBManna iad atá bunaithe lasmuigh den Aontas nó de thríú tíortha comhlachaithe ach a d'fhéadfadh rannchuidiú go mór le cuspóirí an Chláir a bhaint amach. Ba cheart aon chistiú den sórt sin ón Aontas a bheith faoi réir an choinníll go bhfuil an FBM lena mbaineann á rialú ag Ballstát nó ag tríú tír chomhlachaithe nó ag eintiteas atá bunaithe i mBallstát nó i dtríú tír chomhlachaithe, agus an choinníll nach bhfuil an FBM sin bunaithe sa Rúis ná in aon tír a thacaíonn le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, agus nach bhfuil na struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin lena ngabhann lonnaithe sa Rúis ná sna tíortha sin, agus an comhthéacs reatha agus cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin á gcur san áireamh.

(25) I líon teoranta cásanna, ba cheart a bheith in ann, leis an gclár oibre, nósanna imeachta dámhachtana áirithe a shainaithint faoina bhféadfaidh FBManna a bheith rannpháirteach sa Chlár fiú mura gcomhlíonann siad go fóill na critéir incháilitheachta a bhaineann lena mbunú nó le bunú a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe. Leis an sásra sin, ar a dtugtar 'idirghabháil aslaigh' sa Rialachán seo, cuirtear na critéir incháilitheachta sin ar fionraí go sealadach agus go coinníollach do fhaighteoirí cistithe ón Aontas, agus ní foláir dóibh cloí leis an bhfionraíocht sin laistigh den amlíne a shonraítear sa ghealltanas dlíthiúil maidir le cistiú ón Aontas a fháil. Ba cheart an idirghabháil aslaigh a bheith gan dochar do phríomhchuspóir an Chláir, eadhon tacú le FBManna atá bunaithe san Aontas nó i dtríú tíortha comhlachaithe. Ina theannta sin, is féidir cistiú ón Aontas a chur ar fáil le haghaidh na gcostas a bhaineann le bunú na FBManna sin nó a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin a athlonnú chuig an Aontas nó chuig tríú tír chomhlachaithe. Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go cuí, agus níor cheart íocaíochtaí a dhéanamh go dtí go mbeidh na critéir incháilitheachta comhlíonta faoi dheireadh na tréimhse a shonraítear sa ghealltanas dlíthiúil.. Is tacaíocht spriocdhírithe eisceachtúil í an tacaíocht sin, agus, chun na tréithe sin a chaomhnú, ba cheart é a bheith indéanta, leis an gclár oibre, uasteorainneacha a sholáthar i gcás idirghabhálacha aslaigh agus tacaíocht airgeadais do chostas an athshocraithe, i dtéarmaí sciar foriomlán an imchlúdaigh airgeadais agus i dtéarmaí cistiú iomlán an Aontais a dheonaítear d'fhaighteoirí aonair araon.

(26) Chun gur féidir leis an idirghabháil aslaigh an cuspóir atá beartaithe di a bhaint amach, ba cheart a bheith in ann maolú ar an gcritéar incháilitheachta go mbeadh faighteoirí cistithe ón Aontas bunaithe san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe agus go mbeadh a struchtúr bainistíochta feidhmiúcháin san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe chun cistiú ón Aontas a fháil, ar choinníoll go bhfuil sé d'aidhm shonrach ag an gcistiú sin comhlíonadh na gcritéar incháilitheachta sin a éascú, lena n-áirítear comhlíonadh na gceanglas incháilitheachta sin a éascú trí na costais a bhaineann le hathlonnú na cuideachta nó le bunú a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe a chumhdach.

(27) Chun a áirithiú, agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, go n-urramófar oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát, níor cheart tacaíocht a thabhairt faoin gClár do ghníomhaíochtaí a bhaineann le táirgí a bhfuil a n-úsáid, a bhforbairt nó a dtáirgeadh toirmiscthe faoin dlí idirnáisiúnta. I ndáil leis an méid sin, ba cheart incháilitheacht na ngníomhaíochtaí a bhaineann le táirgí cosanta atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach a bheith faoi réir forbairtí sa dlí idirnáisiúnta freisin. Thairis sin, maidir le gníomhaíochtaí chun airm uathrialacha mharfacha a fhorbairt gan an fhéidearthacht a bheith ann go ndéanfadh duine rialú fónta ar chinntí maidir le roghnú agus comhrac, agus ionsaithe á ndéanamh ar dhaoine, níor cheart iad a bheith incháilithe do thacaíocht ón gClár, gan dochar don fhéidearthacht cistiú ón Aontas a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí chun córais luathrabhaidh agus frithbhearta a fhorbairt chun críocha cosanta. I bhfianaise an luais is gá chun teicneolaíochtaí cosanta nuálacha ceannródaíocha a fhorbairt, agus i bhfianaise rún uileghabhálach an Chláir FBManna, gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá ag méadú agus gníomhaithe cosanta neamhthraidisiúnta a mhealladh, ba cheart don Choimisiún a áirithiú nach gcuirfidh seo ualach riaracháin míchuí ar iarratasóirí. Ina theannta sin, níor cheart do mheastóireacht ar an gceanglas seo moill a chur ar chur chun feidhme an Chláir.

(28) Ós rud é gur gá na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gClár a chur chun feidhme laistigh de thréimhse ghearr ama, agus an t-ualach riaracháin ar iarratasóirí á íoslaghdú an tráth céanna, ba cheart maoiniú nach bhfuil nasctha le costas, nó roghanna costais simplithe a úsáid i gcás ina soláthraítear cistiú ón Aontas i bhfoirm deontais. Ós rud é gur gá tacaíocht atá tapa, inrochtana agus dírithe ar thorthaí a áirithiú do FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú, ba cheart deontais faoin gClár a bheith i bhfoirm cnapshuimeanna, nuair is féidir, chun an t-ualach riaracháin a laghdú, intuarthacht a mhéadú d'fhaighteoirí cistithe ón Aontas agus chun ligean dóibh díriú ar aschuir chomhaontaithe a bhaint amach. Níor cheart cistiú ón Aontas a chur ar fáil ach amháin i bhfoirm aisíocaíocht costas incháilithe iarbhír i gcás nach féidir cuspóirí gníomhaíochta sonraí a bhaint amach ar aon bhealach eile.

(29) Ní leanann feidhmiú an tionscail cosanta na gnáthrialacha ná na gnáthmhúnlaí gnó lena rialaítear margaí níos traidisiúnta. Tagann an t-éileamh go heisiach ó rialtais náisiúnta arb iad na rialtais sin freisin a rialaíonn fáil iomlán na dtáirgí agus na dteicneolaíochtaí a bhaineann leis an gcosaint, lena n-áirítear onnmhairí. Dá bhrí sin, ní ghabhann an tionscal cosanta, go háirithe nuálaithe cosanta beaga agus neamhthraidisiúnta, do thionscadail nuálaíochta shuntasacha fhéinchistithe, agus is minic a chistíonn na Ballstáit agus tríú tíortha comhlachaithe na costais ghaolmhara uile. Thairis sin, tá bacainní leanúnacha roimh na gníomhaithe sin maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú, lena n-áirítear cómhaoiniú, go háirithe maoiniú príobháideach le haghaidh infheistíochtaí, mar gheall ar na rioscaí a thuigeann gníomhaithe margaidh a bheith ag baint le hinfheistíochtaí den sórt sin. Dá bharr sin, tá sé ríthábhachtach infheistíocht phoiblí a ghiaráil le haghaidh tionscal cosanta an Aontais i bhfianaise an mhórghá atá le borradh a chur faoin infheistíocht i nuálaíocht i réimse na cosanta. Ós rud é nach ndéanfaí na bearta sin murach sin, is cosúil go bhfuil údar maith ann lena cheapadh go bhféadfadh tacaíocht airgeadais ón Aontas, gan dochar d'Airteagal 193 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, is féidir cistiú ón Aontas a chur ar fáil chun suas le 100 % de na costais incháilithe a chumhdach le haghaidh gníomhaíochtaí atá incháilithe faoin gClár.

(30) Chun an próiseas tíolactha agus meastóireachta a shimpliú agus a luathú a thuilleadh, ba cheart cistiú ón Aontas a sholáthar trí nós imeachta meastóireachta tiomnaithe lena mbaineann seiceálacha áirithe tar éis an cinneadh dámhachtana a dhéanamh. Ba cheart cuireadh a thabhairt d'iarratasóirí tograí a chur isteach mar aon le hachoimre ghearr. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an achoimre sin sula ndéanfar meastóireacht iomlán ar na tograí de réir na gcritéar dámhachtana ábhartha a leagtar amach sa chlár oibre. Tá sé i gceist leis an gcur chuige sin an t-ualach riaracháin ar iarratasóirí a laghdú agus deimhneacht airgeadais a sholáthar a luaithe is féidir, agus glacadh le leibhéal réasúnta riosca airgeadais nó dlíthiúil don Aontas, i gcomhréir leis na cuspóirí atá á saothrú. Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go cuí agus níor cheart aon mhaoiniú a sholáthar sula mbeidh an mheastóireacht deiridh curtha i gcrích.

(31) Chun an próiseas tíolactha agus meastóireachta a shimpliú agus a luathú a thuilleadh, ba cheart é a bheith indéanta maolú ar oibleagáidí áirithe eile a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Go háirithe, maoluithe ar Airteagail 199, 201 agus 203 den Rialachán sin, a bhaineann le hinneachar na n-iarratas ar dheontais agus le measúnú orthu, agus ar Airteagal 170(1), pointí (b) agus (c), agus Airteagal 170(2) den Rialachán sin, a bhaineann le nósanna imeachta soláthair, ba cheart iad a cheadú. Leis na maoluithe sin, ba cheart a bheith in ann na cinntí dámhachtana a ghlacadh agus na comhaontuithe deontais a shíniú ar bhonn réamh-mheasúnú ar na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin; bheifí ag brath, i gcás inarb iomchuí, ar dhearbhuithe onóra na n-iarratasóirí agus na dtairgeoirí, lena n-áirítear dearbhuithe maidir leis na ceanglais rialaithe, agus ní bheadh doiciméid tacaíochta de dhíth ag an gcéim sin. Ina theannta sin, ba cheart na hamlínte chun fógra a thabhairt faoi thorthaí na réamh-mheastóireachta agus an tréimhse ama chun an cinneadh dámhachtana a ghlacadh, ba cheart iad a ghiorrú agus a shonrú sa chlár oibre, rud a chuirfeadh ar chumas an Choimisiúin gníomhú gan mhoill. Mar sin féin, ba cheart an mheastóireacht deiridh ar na critéir ábhartha a chur i gcrích laistigh de 4 mhí ón spriocdháta le haghaidh iarratas. Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go cuí agus níor cheart íocaíochtaí a sholáthar go dtí go mbeidh an mheastóireacht deiridh curtha i gcrích.

(32) Mar mhalairt ar an nós imeachta meastóireachta brostaithe agus chun go dtacóidh an tAontas le réitigh nuálacha gan cúngú ná teorannú saorga tosaigh a eascraíonn as an bhfoirm shonrach arna glacadh ag tacaíocht ón Aontas, ba cheart don Chlár cur chuige níos solúbtha agus níos inrochtana a cheadú maidir le tionscadail agus smaointe nuálacha a shainaithint, a roghnú agus tacú leo, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí nósanna imeachta dámhachtana atá neodrach ó thaobh ionstraime de. Faoin gcur chuige sin, ba cheart smaointe a mheasúnú agus a roghnú bunaithe ar a bhfiúntas maidir lena rannchuidiú le cuspóirí an Chláir. Níor cheart an ionstraim cur chun feidhme buiséid is iomchuí agus is éifeachtaí faoin gClár, bíodh deontas, soláthar nó cineál eile tacaíochta i gceist, a chinneadh ach amháin tar éis an nós imeachta roghnúcháin, agus saintréithe sonracha, riachtanais agus tuillteanais shonracha an tionscadail aonair á gcur san áireamh.

(33) Chun leanúint de bheith tarraingteach do raon níos leithne iarratasóirí féideartha agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearna atá ann cheana sa timthriall nuálaíochta cosanta, is gá agus is comhréireach ligean do chostais arna dtabhú sula gcuirtear an t-iarratas ar dheontas isteach a bheith incháilithe do chistiú ón Aontas, dá bhforáiltear in Airteagal 196(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Díríonn an Clár ar ghníomhaíochtaí forbartha ag céim dhéanach lena ndúntar an bhearna chriticiúil idir tráchtálú agus soláthar, rud a thugann na táirgí cosanta atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach níos gaire d'ullmhacht don mhargadh agus d'imscaradh oibríochtúil. Is minic a dhéanann cuideachtaí nuálacha, go háirithe FBManna, obair forbartha a thionscnamh agus a fhéinchistiú sula gcuirtear deiseanna cistiúcháin foirmiúla ar fáil. Fágfaidh an cur chuige sin go mbeidh an Clár in ann tacú le gníomhaíochtaí criticiúla nuálaíochta a thosaigh suas le 3 mhí roimh dhúnadh an ghlao ar thograí agus cistiú ón Aontas a sholáthar chun dlús a chur lena gcur i gcrích, rud a áiritheoidh go mbainfear torthaí amach go tráthúil lena dtabharfar aghaidh ar na dúshláin is práinní atá roimh fhórsaí armtha na mBallstát agus na dtríú tíortha comhlachaithe.

(34) Le Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]), déantar foráil d'eisiamh sonrach ó na hoibleagáidí le haghaidh conarthaí arna ndámhachtain faoi chláir chomhoibritheacha áirithe a bhaineann le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha. Tar éis ghlacadh Threoir (AE) 2026/2383 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]) , soiléirítear i dTreoir 2009/81/CE gur clár comhoibritheach é tionscadal taighde agus forbartha arna bhainistiú ag institiúidí nó comhlachtaí an Aontais agus arna chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha an Aontais agus arna chistiú ó bhuiséad an Aontais agus gur clár comhoibritheach é arna sheoladh go comhpháirteach ag dhá Bhallstát ar a laghad agus gur féidir leis leanúint de chéimeanna tar éis na céime taighde agus forbartha a chumhdach. I gcás den sórt sin, ba cheart a bheith in ann conarthaí arna ndámhachtain tar éis na gcéimeanna sin a eisiamh freisin. Tá feidhm ag an eisiamh sin, go háirithe, maidir le conarthaí arna ndámhachtain faoi chuimsiú tionscadail a fhaigheann tacaíocht ón gClár.

([12]) Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú na nósanna imeachta um dhámhachtain i dtaca le conarthaí áirithe oibreacha, soláthair agus seirbhíse a dhéanann údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha i réimse na cosanta agus na slándála, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/81/oj).

([13]) Treoir (AE) 2026/2383 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2026 lena leasaítear Treoracha 2009/43/CE agus 2009/81/CE, a mhéid a bhaineann le haistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas a shimpliú agus soláthar slándála agus cosanta a shimpliú (IO L, 2026/2383, 3.11.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2026/2383/oj).

(35) Le Rialachán (AE) 2026/467 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]), déantar foráil maidir le cúnamh ón Aontas don Úcráin i bhfoirm iasachta arb é is aidhm di cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch intuartha leanúnach, solúbtha, tráthúil a sholáthar chun cuidiú le freastal ar riachtanais mhaoiniúcháin a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus as mainneachtain na Rúise cúiteamh a íoc. I gcomhréir le hAirteagal 13(4), pointe (f), den Rialachán sin, is féidir a mheas go gcomhlíonann monaróirí agus fochonraitheoirí atá rannpháirteach i dtáirgeadh na dtáirgí cosanta a chomhlíonann coinníollacha incháilitheachta faoi chláir chosanta áirithe de chuid an Aontais atá coibhéiseach leis na coinníollacha incháilitheachta a leagtar síos sa Rialachán sin, go gcomhlíonann siad na coinníollacha incháilitheachta a leagtar amach ann. Ós rud é nár bunaíodh an Clár tráth a glacadh an Rialachán sin, is iomchuí an Rialachán sin a leasú chun foráil a dhéanamh gur féidir a mheas go gcomhlíonann faighteoirí cistithe ón Aontas faoin gClár a chomhlíon coinníollacha incháilitheachta coibhéiseacha na coinníollacha incháilitheachta faoin Rialachán sin, ar choinníoll nach ndéanfar, le haon athruithe ina dhiaidh sin, amhras a chaitheamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha sin.

(36) Chun slándáil faisnéise rúnaicmithe a áirithiú ar an leibhéal iomchuí, tá sé fíor-riachtanach na híoschaighdeáin maidir le slándáil thionsclaíoch a chomhlíonadh agus comhaontuithe rúnaicmithe cistiúcháin agus maoiniúcháin á dtabhairt i gcrích. Chuige sin, agus i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta is infheidhme, ba cheart do na Ballstáit agus do na tríú tíortha comhlachaithe a bhfuil faighteoirí cistithe ón Aontas bunaithe ar a gcríoch creat slándála a bhunú, lena gcuimsítear Treoracha Slándála Tionscadail agus Treoir ghaolmhar Rúnaicmithe maidir le Slándáil, i gcás ina bhfuil faisnéis i gceist le cur chun feidhme an Chláir, nó ina nginfeadh sé faisnéis, lena n-éilítear leibhéal aicmithe.

(37) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo gan dochar do rialacha iomaíochta an Aontais, go háirithe Airteagail 101 go 109 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus do na gníomhartha dlí a thugann éifeacht do na hAirteagail sin.

(38) Is iomchuí imchlúdach airgeadais táscach a leagan síos don Chlár.

(39) Leagtar síos le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, tabhartais neamhairgeadais, soláthar, bainistíocht indíreach, cúnamh airgeadais, ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha.

(40) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]), Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle ([16]), Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle ([17]) agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle ([18]), tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear bearta chun neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a mí-úsáideadh a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis riaracháin a fhorchur.

([14]) Rialachán (AE) 2026/467 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027 (IO L, 2026/467, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/467/oj).

([15]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj).

([16]) Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1995/2988/oj).

([17]) Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/2185/oj)

([18]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj).

(41) Go háirithe, i gcomhréir le Rialacháin (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, is féidir leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a fháil amach ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, is féidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú agus a ionchúiseamh, rud dá ndéantar foráil i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]).

(42) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, tá aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistiú ón Aontas le comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais, leis na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus le háirithiú go ndeonóidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí ón Aontas cearta coibhéiseacha.

(43) I bhfianaise a phráinní atá sé tacú le hinfheistíochtaí ríthábhachtacha i gcumais chosanta, go háirithe sa nuálaíocht chosanta, i gcomhthéacs dúshláin phráinneacha gheopholaitiúla, is iomchuí go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(44) Ós rud é go bhfuil an clár le bheith teoranta ó thaobh ré agus raon feidhme de, ba cheart é a bheith gan dochar d'aon chlár nó ionstraim de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo lena dtabharfar tacaíocht do bheartas maidir leis an tionscail cosanta.

(45) Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chláir maidir leis na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach. Ba cheart a mheas sa mheasúnú sin freisin ar cheart na sásraí cur chun feidhme a tugadh isteach faoin gClár, lena n-áirítear nósanna imeachta dámhachtana brostaithe agus foirmeacha solúbtha tacaíochta ón Aontas, a mhéadú, a oiriúnú nó a ionchorprú i gcláir de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo. Ba cheart torthaí na meastóireachta sin a bheith mar bhonn eolais do chinntí a dhéanfar amach anseo maidir le tacaíocht ón Aontas do FBManna le haghaidh nuálaíocht i réimse na cosanta. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le cur chun feidhme an Chláir, ina mbeidh faisnéis faoi leibhéal rannpháirtíochta na FBManna, dáileadh geografach na n-eintiteas dá dtugtar tacaíocht ar fud an Aontais agus tríú tíortha comhlachaithe, dáileadh téamach na ngníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht, miondealú an chaiteachais de réir chineál na gníomhaíochta a fhaigheann tacaíocht ón gClár, éifeachtacht na nósanna imeachta dámhachtana simplithe i gcoibhneas le tagarmharcanna in ionstraimí atá ann cheana, agus na sonraí comhiomlánaithe maidir le glacadh na dtáirgí arna gcistiú ag an gClár. Ba cheart an tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. I bhfianaise chineál ardriosca agus ardacmhainneachta na nuálaíochta cosanta atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach, déanfar measúnú ar leibhéal na punainne ar rath an Chláir.

(46) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, go háirithe iomaíochas agus cumas nuálaíochta BTTCE a neartú ar fud an Aontais, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí an Chláir maidir le tacú le nuálaíocht i réimse na cosanta ar fud an Aontais, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

([19]) Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1371/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo an Clár um nuálaíocht shofhreagrach mhear i réimse na cosanta ('an Clár') le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2027, agus leagtar síos ann a chuspóirí agus a bhuiséad, foirmeacha cistiúcháin faoin gClár agus rialacha maidir leis an gcistiú sin a sholáthar.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'eintiteas dlíthiúil':

(a) duine dlítheanach a chruthaítear agus a aithnítear amhlaidh faoi dhlí an Aontais, faoin dlí náisiúnta nó faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Struchtúir do Chláir Armála na hEorpa (SCAEnna) arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]), a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige agus a bhfuil an cumas aige gníomhú ina ainm féin, cearta a fheidhmiú agus a bheith faoi réir oibleagáidí; nó

(b) eintiteas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige, dá dtagraítear in Airteagal 200(2), pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509;

(2) ciallaíonn 'rialú' an cumas tionchar cinntitheach a fheidhmiú ar eintiteas dlítheanach, go díreach nó go hindíreach, trí eintiteas dlítheanach idirmheánach amháin nó níos mó;

(3) ciallaíonn 'táirge cosanta' aon táirge a bhaineann leis an gcosaint dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]), chomh maith le hoibreacha, soláthairtí agus seirbhísí a bhaineann go díreach leis na táirgí sin ar feadh aon ghné agus gach gné dá saolré de réir bhrí Airteagal 2, pointe (c) de Threoir 2009/81/CE;

(4) ciallaíonn 'táirge cosanta atá ag teacht chun cinn' agus atá suaiteach táirge cosanta feabhsaithe nó táirge cosanta atá go hiomlán nua agus:

(a) lena spreagtar claochlú ó bhonn, lena n-áirítear athrú ó bhonn i gcoincheap agus i stiúradh cúrsaí cosanta, lena n-áirítear trí theacht in ionad na dteicneolaíochtaí cosanta atá ann faoi láthair nó fágáil nach bhfuil siad chomh héifeachtach céanna nó iad a chur as feidhm, agus

(b) a mheastar a bheith insaothraithe go hiomlán faoi dheireadh gníomhaíochta a fhaigheann tacaíocht ón gClár;

([20]) Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2025 lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus creat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú (Rialachán EDIP) (IO L, 2025/2643, 29.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2643/oj).

([21]) Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/43/oj).

(5) ciallaíonn 'struchtúr bainistíochta feidhmiúcháin' comhlacht de chuid eintitis dhlítheanaigh, a cheaptar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus, i gcás inarb infheidhme, a thugann tuairisc do phríomhoifigeach feidhmiúcháin an eintitis sin, a bhfuil sé de chumhacht aige straitéis, cuspóirí agus treo foriomlán an eintitis dhlítheanaigh sin a bhunú, agus a dhéanann maoirseacht agus faireachán ar chinnteoireacht bhainistíochta an eintitis dhlítheanaigh;

(6) ciallaíonn 'torthaí' aon éifeacht inláimhsithe nó doláimhsithe de ghníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht ón gClár, amhail sonraí, fios gnó nó faisnéis, is cuma cad é a foirm nó a cineál agus cibé acu is féidir í a chosaint nó nach féidir, mar aon le cearta ar bith atá ag gabháil leis an éifeacht sin, lena n-áirítear ceart maoine intleachtúla;

(7) ciallaíonn 'fiontair bheaga agus mheánmhéide' ('FBManna') fiontair bheaga agus mheánmhéide mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún [22];

(8) ciallaíonn 'faisnéis chúlra' aon fhaisnéis is gá chun an Clár a chur chun feidhme, nó atá úsáideach chun é a chur chun feidhme, ar faisnéis í a gineadh roimh chreat gníomhaíochta a fhaigheann tacaíocht ón gClár nó lasmuigh de agus a soláthraíodh don ghníomhaíocht sin agus a úsáideadh chun a críocha;

(9) ciallaíonn 'faisnéis tulra' sonraí, fios gnó nó faisnéis a ghintear agus an Clár á chur chun feidhme, cibé foirm nó nádúr a bhíonn aige;

(10) ciallaíonn 'eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe':

(a) eintiteas dlítheanach atá bunaithe i dtríú tír neamhchomhlachaithe; nó

(b) eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe, a bhfuil a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin aige i dtríú tír neamhchomhlachaithe.

Airteagal 3

Cuspóirí

1. Is é cuspóir ginearálta an Chláir tacú le hacmhainneacht FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis, nuálaíocht mhear a dhéanamh chun táirgí cosanta atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach a áirithiú, agus béim á leagan ar chostéifeachtúlacht, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin is déanaí agus is mó atá ag athrú atá roimh fhórsaí armtha na mBallstát agus na dtríú tíortha comhlachaithe, go háirithe iad siúd a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Ar an gcaoi sin, cothófar leis an gClár iomaíochas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (BTTCE) agus neartófar ullmhacht tionsclaíoch cosanta an Aontais, agus spleáchais straitéiseacha ar thríú tíortha neamhchomhlachaithe á laghdú an tráth céanna ar fud speictream iomlán na dteicneolaíochtaí cosanta.

2. Seo a leanas cuspóirí sonracha an Chláir:

(a) dlús nach beag a chur le timthriallta nuálaíochta na dtáirgí cosanta atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach arna bhforbairt ar fud an Aontais ag FBManna, agus riachtanais phráinneacha na mBallstát agus na dtríú tíortha comhlachaithe á gcur san áireamh agus leas á bhaint as acmhainneacht nuálaíochta thionscal an Aontais ina iomláine; agus

(b) maidir le táirgí cosanta atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach arna bhforbairt ag FBManna, méadú a dhéanamh ar ghlacadh na dtáirgí sin ag na Ballstáit agus ag tríú tíortha comhlachaithe, agus ag príomhchonraitheoirí tionsclaíocha cosanta na hEorpa, suimeálaithe córais agus fochonraitheoirí céadleibhéil, lena n-áirítear trí mheaitseáil thiomnaithe, agus ar an gcaoi sin tacú le huas-scálú FBManna den sórt sin feadh na hEorpa, a gcomhtháthú i slabhraí soláthair cosanta trasteorann a chur chun cinn, athléimneacht agus slándáil an tsoláthair le haghaidh táirgí den sórt sin a fheabhsú, rannchuidiú le hacmhainneacht maidir le an nuálaíocht cosanta a fhorbairt feadh an Aontais agus rannchuidiú, dá réir sin, le buntáiste teicneolaíoch na mBallstát a threisiú.

[22] Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2003/361/oj).

Airteagal 4

An buiséad

1. Is é EUR 115 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais táscach le haghaidh chur chun feidhme an Chláir, idir an 1 Eanáir 2027 agus an 31 Nollaig 2027.

2. Féadfar gealltanais bhuiséadacha maidir le gníomhaíochtaí ar faide iad ná bliain airgeadais amháin a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta.

3. Féadfar leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais tar éis 2027 chun na costais is gá a chumhdach agus chun go mbeifear in ann gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gClár nach mbeidh curtha i gcrích faoi dheireadh an Chláir a bhainistiú, mar aon le costais lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí agus seirbhísí oibríochtúla criticiúla.

4. An t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 agus méideanna na n-acmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 5, féadfar iad a úsáid freisin le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialúcháin, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha a dhearadh, a chur ar bun, a thástáil, a dheimhniú, a oibriú agus a chothabháil, agus gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, agus gach cúnamh teicniúil agus riaracháin eile nó gach costas eile a bhaineann leis an bhfoireann arna thabhú ag an gCoimisiún agus an Clár á bhainistiú.

Airteagal 5

Acmhainní breise

1. Féadfaidh Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais nó tríú páirtithe eile, ranníocaíochtaí airgeadais nó neamhairgeadais breise a chur ar fáil don Chlár, nó d'aon cheann dá ghníomhaíochtaí sonracha nó dá chuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán seo. Is ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(2), pointe (a), (d) nó (e), nó Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a bheidh sna ranníocaíochtaí airgeadais breise.

2. Acmhainní arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoi bhainistíocht roinnte, féadfar iad a aistriú, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, chuig an gClár, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sna forálacha ábhartha i Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([23]). Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 nó go hindíreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c), den Rialachán sin. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann. I gcás nach bhfuil gealltanas dlíthiúil tugtha ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach le haghaidh méideanna breise arna gcur ar fáil don Chlár, féadfar na méideanna comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig na cláir fhoinseacha, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1060.

([23]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

Airteagal 6

Cistiú malartach, comhcheangailte agus carnach

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i sineirge le cláir eile de chuid an Aontais. Gníomhaíocht a bhfuil ranníocaíocht faighte aici ó chlár eile de chuid an Aontais, féadfaidh sí ranníocaíocht a fháil faoin gClár freisin, ar choinníoll nach gcumhdaítear na costais chéanna leis na ranníocaíochtaí sin. Beidh feidhm ag rialacha chlár ábhartha an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach, nó d'fhéadfaí sraith aonair rialacha aon cheann de chláir an Aontais is ranníocóirí a chur i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí uile, agus d'fhéadfaí gealltanas dlíthiúil aonair a thabhairt i gcrích. Más ar chostais incháilithe a bhunófar an ranníocaíocht ón Aontas, ní rachaidh an tacaíocht charnach ó bhuiséad an Aontais thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta agus féadfar í a ríomh ar bhonn pro rata i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.

2. Nósanna imeachta dámhachtana a bheidh ann faoin gClár, féadfar iad a stiúradh go comhpháirteach faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, i gcomhar leis na Ballstáit, le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, le tríú tíortha, le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó le tríú páirtithe eile, ar choinníoll go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais. Beidh na nósanna imeachta sin faoi réir sraith aonair rialacha agus mar gheall orthu tabharfar gealltanas dlíthiúil amháin i gcrích. Chun na críche sin, féadfaidh na comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach acmhainní a chur ar fáil don Chlár i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán seo. Féadfar a chur de chúram ar na comhpháirtithe freisin an nós imeachta dámhachtana a chur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Chun críocha Airteagal 153(3) den Rialachán sin, i gcás nósanna imeachta dámhachtana comhpháirteacha, féadfaidh an coiste meastóireachta a bheith comhdhéanta go páirteach de chomhaltaí atá ina n-ionadaithe thar ceann chomhpháirtithe sna nósanna imeachta sin.

Airteagal 7

Tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár

1. Féadfar cead rannpháirtíochta sa Chlár nó i ngníomhaíochtaí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 10 a thabhairt do na tríú tíortha seo a leanas trí chomhlachas iomlán nó páirteach leis an gClár i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 agus leis na comhaontuithe idirnáisiúnta is infheidhme nó le haon chinneadh arna ghlacadh faoi na comhaontuithe sin maidir le:

(a) comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa, ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch;

(b) an Úcráin, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin.

2. Maidir leis na comhaontuithe comhlachais i dtaca le rannpháirtíocht sa Chlár leis na tíortha dá dtagraítear i mír 1, beidh an méid seo a leanas i gceist leo:

(a) áiritheoidh siad cothromaíocht a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá rannpháirteach sa Chlár;

(b) leagfar síos leo na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht sa Chlár, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais, arb éard atá iontu ranníocaíocht oibríochtúil agus táille rannpháirtíochta don chlár agus dá chostais riaracháin ghinearálta;

(c) ní thabharfaidh siad aon chumhacht chinnteoireachta sa Chlár don tríú tír;

(d) ráthóidh siad cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint; agus

(e) déanfaidh siad cosaint leasanna slándála agus oird phoiblí an Aontais a áirithiú.

3. Chun críocha mhír 2, pointe (d), deonóidh an tríú tír chomhlachaithe:

(a) na cearta agus an rochtain is gá a cheanglaítear faoi Rialacháin (AE, Euratom) 2024/2509 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013;

(b) ráthóidh sí go mbeidh cinntí forfheidhmiúcháin lena bhforchuirtear oibleagáid airgid ar bhonn Airteagal 299 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), chomh maith le breithiúnais agus orduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in-fhorfheidhmithe; agus

(c) áiritheoidh sí go gcomhoibreoidh a húdaráis inniúla le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) in imscrúduithe agus ionchúisimh i leith cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais i gcomhréir leis na comhaontuithe idirnáisiúnta is infheidhme nó le rialacha eile is infheidhme.

Airteagal 8

Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach trí bhíthin eintitis dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c), den Rialachán sin.

2. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfar cistiú ón Aontas a sholáthar in aon fhoirm.

3. I gcomhréir le hAirteagal 196(2), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfar a chumhdach le ranníocaíochtaí airgeadais, i gcás inarb ábhartha agus inar gá chun gníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht ón gClár a chur chun feidhme, gníomhaíochtaí ar cuireadh tús leo agus na costais a tabhaíodh roimh an dáta a cuireadh isteach an togra le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin, ar choinnioll nár cuireadh tús leis na gníomhaíochtaí sin tráth nach mó ná 3 mhí roimh dhúnadh an ghlao ar thograí agus nár tugadh i gcrích iad sular síníodh an comhaontú deontais.

4. I gcás ina soláthrófar cistiú ón Aontas i bhfoirm deontais, soláthrófar é mar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais ná le roghanna costais simplithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. I gcás inar féidir, is i gcnapshuimeanna a bheidh deontais faoin gClár. Ní fhéadfar costais incháilithe iarbhír a aisíoc ach amháin i gcás nach féidir cuspóirí gníomhaíochta a fhaigheann tacaíocht ón gClár a bhaint amach ar shlí eile.

5. I gcomhréir le hAirteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh saineolaithe seachtracha a bhfuil imréiteach slándála pearsanra bailí acu cúnamh a thabhairt don choiste meastóireachta, má cheanglaítear sin leis an gclár oibre. De mhaolú ar Airteagal 242 den Rialachán sin, ní chuirfear an liosta saineolaithe ar fáil don phobal.

Airteagal 9

Incháilitheacht

1. Socrófar critéir incháilitheachta i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 chun tacú le baint amach na gcuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 den Rialachán seo agus beidh feidhm acu maidir le gach nós imeachta dámhachtana faoin gClár.

2. I nósanna imeachta dámhachtana, féadfaidh na heintitis dhlítheanacha seo a leanas a bheith incháilithe chun cistiú a fháil ón Aontas:

(a) eintitis atá bunaithe i mBallstát;

(b) eintitis atá bunaithe i dtríú tír chomhlachaithe;

(c) eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(d) SCAEnna.

3. Maidir le gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gClár dá dtagraítear in Airteagal 10, cé is moite de ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (d), is iad FBManna a bheidh ina bhfaighteoirí cistithe ón Aontas ('na faighteoirí').

4. Cé is moite de ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (c), maidir le faighteoirí:

(a) beidh siad bunaithe san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe; agus

(b) beidh a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin lonnaithe san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe.

5. Ní bheidh na faighteoirí faoi réir rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe ná ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe.

6. Maidir le bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní faighteoirí a úsáidtear chun críocha na gníomhaíochta a fhaigheann tacaíocht ón gClár, beidh siad lonnaithe ar chríoch Ballstáit nó tríú tír chomhlachaithe ar feadh thréimhse iomlán na gníomhaíochta.

7. I gcás nach bhfuil aon rogha mhalartach ná bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní ábhartha ar fáil go héasca san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe le haghaidh faighteoirí atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht ón gClár, féadfaidh siad úsáid a bhaint as a mbonneagar, a saoráidí, a sócmhainní nó a n-acmhainní atá lonnaithe nó atá i seilbh acu lasmuigh de chríoch na mBallstát nó na dtíortha comhlachaithe, ar choinníoll nach sáróidh an úsáid seo leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a mBallstát, lena n-áirítear urraim do phrionsabal an dea-chaidrimh comharsanachta, agus go bhfuil sí i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3. Na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí ina n-úsáidtear an bonneagar, na saoráidí, na sócmhainní nó na hacmhainní sin, ní bheidh siad incháilithe le haghaidh tacaíocht ón gClár.

8. Féadfar a mheas go gcomhlíonann eintitis dhlítheanacha na critéir incháilitheachta dá dtagraítear san Airteagal seo i gcás ina bhfuil coinníollacha coibhéiseacha comhlíonta acu faoi Rialachán (AE) 2018/1092 ([24]), (AE) 2021/697, (AE) 2023/1525 ([25]), (AE) 2023/2418 ([26]) nó (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, nó faoi Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle ([27]), ar choinníoll nach ndéanfar, le haon athruithe ina dhiaidh sin, amhras a chaitheamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha sin.

9. Ní bheidh na gníomhaíochtaí seo a leanas incháilithe chun cistiú ón Aontas a fháil:

(a) gníomhaíochtaí nó codanna de ghníomhaíochtaí, atá á maoiniú go hiomlán cheana féin ó fhoinsí poiblí nó príobháideacha eile;

(b) gníomhaíochtaí chun táirgí agus teicneolaíochtaí a fhorbairt a bhfuil a n-úsáid, a bhforbairt nó a dtáirgeadh toirmiscthe faoin dlí idirnáisiúnta is infheidhme;

(c) gníomhaíochtaí chun airm uathrialacha mharfacha a fhorbairt gan an duine a bheith in ann aon rialú suntasach a dhéanamh ar chinntí roghnaithe agus úsáide agus ionsaithe á ndéanamh ar dhaoine, gan dochar don fhéidearthacht cistiú ón Aontas a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí chun córais luathrabhaidh agus frithbhearta a fhorbairt chun críoch cosanta;

(d) gníomhaíochtaí a bhaineann le cnuasmhuinisin.

Airteagal 10

Gníomhaíochtaí incháilithe

1. Le gníomhaíochtaí atá incháilithe chun cistiú a fháil faoin gClár, cuirfear chun feidhme na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 agus féadfaidh siad a bheith i gceann amháin nó níos mó de na foirmeacha seo a leanas:

(a) tacaíocht d'fhorbairt mhear táirgí cosanta atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach, agus, i gcás inarb ábhartha, na comhpháirteanna is gá chun iad a tháirgeadh, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil na táirgí sin bunaithe ar chomhtháthú agus ar oiriúnú teicneolaíochtaí sibhialtacha a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide acu chun críoch cosanta;

(b) tacaíocht do ghlacadh margaidh na dtáirgí cosanta atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach, lena n-áirítear trí thacú le comhiomlánú éilimh agus le tástáil agus taispeántais thiomnaithe agus atriallacha allamuigh ina bhfuil na húsáideoirí deiridh rannpháirteach agus ina dtugann siad aiseolas, go háirithe trí mheaitseáil a dhéanamh;

(c) tacaíocht chun bunaíocht eintitis nó a struchtúr bainistíochta feidhmiúcháin a athlonnú san Aontas nó chuig tríú tír chomhlachaithe chun gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a chur chun feidhme go héifeachtach, i gcás inar bunaíodh eintiteas roimhe sin nó ina raibh a struchtúr bainistíochta feidhmiúcháin lonnaithe i dtríú tír neamhchomhlachaithe;

([24]) Rialachán (AE) 2018/1092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta lena ndírítear ar thacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais (IO L 200, 7.8.2018, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1092/oj).

([25]) Rialachán (AE) 2023/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) (IO L 185, 24.7.2023, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1525/oj).

([26]) Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) (IO L, 2023/2418, 26.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2418/oj).

([27]) Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh (IO L, 2025/1106, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1106/oj).

(d) tacaíocht is gá chun gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin:

(i) cáilíocht;

(ii) deimhniú;

(iii) rochtain ar bhonneagar;

(iv) rochtain ar acmhainneachtaí agus próisis mhonaraíochta nuálacha;

(v) tacaíocht ullmhachta infheistíochta;

(vi) forbairt scileanna;

(vii) soláthar staidéar; agus

(viii) forbairt éiceachóras agus gníomhaíochtaí neartaithe, lena n-áirítear tacaíocht don chomhar idir FBManna agus príomhchonraitheoirí tionsclaíocha cosanta na hEorpa, suimeálaithe córais agus fochonraitheoirí céadleibhéil,

2. Leis an gClár, féadfar tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear uasghrádú tapa na dtáirgí agus na dteicneolaíochtaí atá ann cheana, ar choinníoll nach bhfuil úsáid na faisnéise, na gceart maoine intleachtúla ná na gceart eile atá ann cheana is gá chun an ghníomhaíocht a dhéanamh faoi réir srianadh arna ndéanamh, go díreach nó go hindíreach trí eintiteas dlíthiúil idirmheánach amháin nó níos mó, ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ó eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe, i gcás ina gcuirfeadh an srian sin cosc ar chur chun feidhme éifeachtach na gníomhaíochta.

3. Bainfidh na faighteoirí tairbhe, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, as rochtain mhear ar shaoráidí tástála agus turgnamhaíochta an Aontais agus ar Luasaire Gnó Scéim Nuálaíochta Cosanta an Aontais (EUDIS).

4. Ní sáróidh gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gClár tacaíocht don eintiteas dlítheanach leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát, arna mbunú faoi chuimsiú an chomhbheartais eachtraigh agus slándála (CBES) de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena n-áirítear urraim do phrionsabal an dea-chaidrimh comharsanachta.

Airteagal 11

Critéir dhámhachtana

1. I gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí ag brath ar chineál an nós imeachta dámhachtana, agus i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, leagfar amach na critéir dhámhachtana sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 16 den Rialachán seo agus cuirfear na heilimintí seo a leanas san áireamh iontu:

(a) an fhéidearthacht go gcuirfí isteach ar réimse na cosanta, arna measúnú a mhéid nach gcloíonn réiteach atá beartaithe leis na bonnlínte teicneolaíochta atá ann faoi láthair;

(b) cáilíocht an togra agus cumas an iarratasóra an ghníomhaíocht a chur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 10;

(c) an tionchar i réimse na cosanta, agus riachtanais na mBallstát agus na dtríú tíortha comhlachaithe á gcur san áireamh, go háirithe i ndáil leis an tionchar maidir le costéifeachtúlacht, luas seachadta agus ullmhacht le haghaidh úsáid oibríochtúil, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, athléimneacht chibearshlándála.

2. I dteannta na n-eilimintí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, féadfar a chur san áireamh freisin sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 16 an méadú ar shlándáil an tsoláthair le haghaidh slabhraí soláthair táirgí cosanta agus teicneolaíochtaí cosanta atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach.

3. Leagfar síos sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 16 mionsonraí breise maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar dámhachtana dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, agus cuspóirí an ghlao ar thograí agus na nósanna imeachta roghnúcháin agus meastóireachta á gcur san áireamh.

Airteagal 12

Nós imeachta meastóireachta agus dámhachtana

1. Chun a áirithiú gur féidir gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 10 a chur chun feidhme go héifeachtach gan moill mhíchuí, féadfar nósanna imeachta dámhachtana a shainaithint sa chlár oibre, faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, atá faoi réir nós imeachta brostaithe agus simplithe.

2. De mhaolú ar Airteagail 199, 201 agus 203 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 maidir le deontais agus ar Airteagal 170(1), pointí (b) agus (c), agus Airteagal 170(2) den Rialachán sin maidir le soláthar, féadfar foráil a dhéanamh sa chlár oibre, i gcás nósanna imeachta dámhachtana a shainaithnítear ann, go mbeidh feidhm na coinníollacha seo a leanas:

(a) beidh na ceanglais maidir leis an gcinneadh dámhachtana agus síniú na ngealltanas dlíthiúil teoranta do réamh-mheastóireacht ar na critéir dhámhachtana agus eisiaimh;

(b) féadfar an cinneadh dámhachtana a dhéanamh bunaithe ar fhéindearbhú de chuid na n-iarratasóirí agus na dtairgeoirí a bhaineann le critéir incháilitheachta agus roghnúcháin, go háirithe maidir le rialú, agus ar an mbonn sin amháin, gan doiciméid tacaíochta chomhfhreagracha a iarraidh le linn na réamh-mheastóireachta;

(c) cuirfidh an Coimisiún an mheastóireacht deiridh i gcrích gan moill mhíchuí;

(d) tabharfar fógra faoi thorthaí na réamh-mheastóireachta do na hiarratasóirí agus do na tairgeoirí laistigh de thréimhse a shonraítear sa chlár oibre; agus

(e) déanfar an cinneadh dámhachtana laistigh de thréimhse a shonraítear sa chlár oibre.

3. I gcás ina gcinntear sa mheastóireacht deiridh dá dtagraítear i mír 2, pointe (c), nach gcomhlíonann an faighteoir na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin uile, déanfar an gealltanas dlíthiúil a fhoirceannadh. Ní dhéanfar íocaíochtaí go dtí go mbeidh an mheastóireacht deiridh curtha i gcrích.

4. Féadfaidh an clár oibre nósanna imeachta spriocdhírithe dámhachtana dhá chéim a bhunú ón mbun aníos i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas:

(a) le linn na chéad chéime:

(i) féadfar glao ar léiriú spéise a sheoladh gan na cineálacha gníomhaíochtaí ná an ionstraim atá le húsáid chun an buiséad a chur chun feidhme a shonrú, chun é a chur ar a gcumas do na hiarratasóirí agus na tairgeoirí tograí tionscadail nó tairiscintí ar earraí, oibreacha nó seirbhísí a thíolacadh a d'fhéadfadh rannchuidiú le cuspóirí an Rialacháin seo, mar a leagtar amach sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 16;

(ii) déanfar meastóireacht agus rangú ar thograí agus ar thairiscintí bunaithe ar chritéir dhámhachtana chomhchoiteanna a leagtar amach sa Chlár Oibre, amhail a rannchuidiú comparáideach leis na cuspóirí;

(iii) cinnfidh an coiste meastóireachta an ionstraim is iomchuí de chur chun feidhme an bhuiséid faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, agus molfaidh sé uasmhéid agus foirm ranníocaíocht an Aontais chomh maith;

(b) le linn an dara céim, na hiarratasóirí agus na tairgeoirí a ndearnadh meastóireacht rathúil ar a dtionscadail nó ar a dtairiscintí, iarrfar orthu a dtograí nó a dtairiscintí a choigeartú agus a thabhairt chun críche, laistigh den bhuiséad atá ar fáil, i gcomhréir le conclúidí an choiste meastóireachta.

5. Maidir le hábhair nach gcumhdaítear le mír 4, leanfaidh an nós imeachta dámhachtana ar aghaidh i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 is infheidhme maidir leis an ionstraim ábhartha um chur chun feidhme an bhuiséid.

6. Déanfaidh an Coimisiún an cistiú a dhámhachtain faoin gClár seo trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(4).

Airteagal 13

Idirghabháil aslaigh

1. De mhaolú ar Airteagal 9, féadfar a fhoráil sa chlár oibre go mbeidh nós imeachta dámhachtana i bhfoirm idirghabháil aslaigh faoina bhféadfar na critéir incháilitheachta a bhaineann le háit bhunaíochta na n-eintiteas dlítheanach atá rannpháirteach sa Chlár nó le suíomh a mbainistíochta feidhmiúcháin a chur ar fionraí go sealadach agus go coinníollach.

2. Comhlíonfar na critéir incháilitheachta a cuireadh ar fionraí i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo agus déanfar meastóireacht ar chomhlíonadh na gcritéar incháilitheachta sin laistigh den tréimhse ama a shonraítear sa ghealltanas dlíthiúil de réir bhrí Airteagal 2, pointe 39, de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Cuirfear cistiú ón Aontas ar fáil a luaithe a chomhlíonfar na critéir incháilitheachta go léir.

3. Mura gcomhlíontar na critéir incháilitheachta a cuireadh ar fionraí i gcomhréir le mír 1 laistigh den tréimhse ama a shonraítear sa ghealltanas dlíthiúil dá dtagraítear i mír 2, measfar an ghníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht ón gClár a bheith neamh-incháilithe agus déanfar aon chistiú ón Aontas a aisghabháil ina iomláine.

4. I gcás ina bhfuil nós imeachta um dhámhachtain i bhfoirm idirghabháil aslaigh, ní íocfar aon réamh-mhaoiniú.

5. Leagfar amach sa chlár oibre an buiséad sonrach arna leithdháileadh ar nósanna imeachta dámhachtana i bhfoirm idirghabháil aslaigh de bhun mhír 1. Is é a bheidh sa bhuiséad sin sciar teoranta de bhuiséad an Chláir, chun an tacaíocht spriocdhírithe eisceachtúil sin a chaomhnú.

Airteagal 14

Rátaí cistiúcháin ón Aontas

Gan dochar d'Airteagal 193 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfar suas le 100 % de na costais incháilithe a mhaoiniú leis an gClár.

Airteagal 15

Úinéireacht na dtorthaí

1. Ní bheidh torthaí gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gClár faoi réir aon rialú nó srian ó thríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ó eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe, go díreach nó go hindíreach trí eintiteas dlítheanach idirmheánach amháin nó níos mó, lena n-áirítear maidir le haistriú teicneolaíochta.

2. Ní dhéanfar difear leis an Rialachán seo do lánrogha na mBallstát a mhéid a bhaineann lena mbeartais maidir le honnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.

3. Déanfar aistrithe teicneolaíochta i gcomhréir iomlán le Treoir 2009/43/CE agus, i gcás inarb ábhartha, Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([28]).

4. Gan dochar do mhír 2, maidir le haon aistriú úinéireachta nó deonú ceadúnas eisiach do thríú tír neamhchomhlachaithe nó d'eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe le haghaidh torthaí a ghintear tríd an gClár, a dhéantar laistigh de trí bliana ón íocaíocht deiridh faoin ngníomhaíocht, beidh sé faoi réir fógra a thabhairt roimh ré don Choimisiún agus formheas ón mBallstát ábhartha nó ó údaráis de chuid tríú tír chomhlachaithe faoi choinníollacha lena n-áirithítear cosaint leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát. I gcás ina sáraíonn aistriú úinéireachta nó deonú ceadúnais eisiach den sórt sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát nó na cuspóirí mar a leagtar amach in Airteagal 3 iad, aisíocfar an tacaíocht a cuireadh ar fáil faoin gClár.

5. I gcás ina bhfaigheann an tAontas staidéar, beidh an ceart, in aisce, ag na Ballstáit uile agus ag tríú tíortha comhlachaithe uile ar cheadúnas neamheisiach chun an staidéar a úsáid, arna iarraidh sin i scríbhinn.

6. I gcás ina soláthraítear cistiú ón Aontas i bhfoirm deontais, beidh cearta rochtana saor ó ríchíosanna ar thorthaí, arna iarraidh sin, ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais, agus ag údaráis deonúcháin, gan tionchar a imirt ar úinéireacht na dtorthaí nó ar chearta maoine intleachtúla i bhfaisnéis chúlra, chun beartais nó cláir an Aontais atá ann cheana i réimsí a n-inniúlachta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, agus chun na críche sin amháin. Beidh cearta rochtana den sórt sin teoranta d'úsáid neamhthráchtála agus neamhiomaíoch.

Airteagal 16

Clár oibre

1. Is trí bhíthin clár oibre dá dtagraítear in Airteagal 110(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a chuirfear an Clár chun feidhme.

2. Sa chlár oibre, leagfar amach go mionsonrach na catagóirí gníomhaíochtaí agus ábhar atá le tacaíocht a fháil ón gClár. Beidh na catagóirí sin i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3.

3. Tabharfar tosaíocht sa chlár oibre do dhúshláin bunaithe ar riachtanais chumais phráinneacha tosaíochta arna gcomhroinnt ag roinnt Ballstát.

([28]) Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/821/oj).

4. Cé is moite den nós imeachta dámhachtana dá bhforáiltear in Airteagal 12(4), beidh ceanglais fheidhmiúla sa chlár oibre, i gcás inarb iomchuí, agus sonrófar ann cineál an chistithe ón Aontas faoi Airteagal 8, gan srian a chur ar iomaíocht ar fud na nglaonna ar thograí.

5. Glacfaidh an Coimisiún an clár oibre trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(4).

Airteagal 17

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. Tabharfar cuireadh don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus don Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint freastal ar chruinnithe an choiste i gcáil breathnóirí agus a dtuairimí agus a saineolas a chur ar fáil le linn obair an choiste.

3. Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do Bhallstát amháin nó níos mó, cuireadh a thabhairt, i gcás inarb ábhartha, d'ionadaithe ó thríú tíortha comhlachaithe freastal ar chruinnithe an choiste. Ní bheidh ionadaithe ó thríú tíortha comhlachaithe i láthair ag vótáil an choiste ná ní ghlacfaidh siad páirt i vótáil an choiste.

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

5. I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim uaidh, ní ghlacfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 18

An gaol le Treoir 2009/81/CE

Measfar gur conradh arna dhámhachtain faoi chuimsiú clár comhoibritheach bunaithe ar thaighde agus forbairt de réir bhrí Airteagal 13, pointe (c), de Threoir 2009/81/CE é conradh soláthair arna dhámhachtain ag Ballstát maidir le táirge cosanta a eascraíonn as gníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht ón gClár, nó as tionscadal a fuair Séala Ceannasachta i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/795 agus a fuair cistiú ó Bhallstát ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán seo.

Airteagal 19

Leasú ar Rialachán (AE) 2024/795

In Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2024/795, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh an Coimisiún Séala Ceannasachta a bhronnadh ar aon tionscadal lena rannchuidítear le haon cheann de chuspóirí STEP, ar choinníoll go bhfuil measúnú déanta ar an tionscadal agus go gcomhlíonann sé na híoscheanglais cháilíochta, go háirithe na critéir incháilitheachta, eisiaimh agus dhámhachtana, dá bhforáiltear i nglao ar thograí faoi Rialachán (AE) 2021/522, (AE) 2021/694, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697, nó (AE) 2026/2387 (*) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, nó faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún (**).

(*) Rialachán (AE) 2026/2387 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2026 maidir leis an gClár um nuálaíocht shofhreagrach mhear i réimse na cosanta a bhunú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2024/795 agus (AE) 2026/467 (IO L, 2026/2387, 3.11.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/2387/oj).

(**) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hoibriú an Chiste don Nuálaíocht (IO L 140, 28.5.2019, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/856/oj).’.

Airteagal 20

Leasú ar Rialachán (AE) 2026/467

In Airteagal 13(4) de Rialachán (AE) 2026/467, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) féadfar a mheas go gcomhlíonann na monaróirí agus na fochonraitheoirí atá rannpháirteach i dtáirgeadh na dtáirgí cosanta na coinníollacha incháilitheachta dá dtagraítear sa mhír seo i gcás ina bhfuil coinníollacha coibhéiseacha comhlíonta acu faoi Rialachán (AE) 2018/1092 ([1])*, (AE) 2021/697 ([2])*, (AE) 2023/1525 ([3])*, (AE) 2023/2418 ([4])*, nó (AE) 2026/2387 ([5])* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, nó Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle agus ar choinníoll nach ndéanfar, le haon athruithe ina dhiaidh sin, amhras a chaitheamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha sin;

([1])* Rialachán (AE) 2018/1092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta lena ndírítear ar thacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais (IO L 200, 7.8.2018, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1092/oj).

([2])* Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/697/oj).

([3])* Rialachán (AE) 2023/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) (IO L 185, 24.7.2023, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1525/oj).

([4])* Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) (IO L, 2023/2418, 26.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2418/oj).

([5])* Rialachán (AE) 2026/2387 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2026 maidir leis an gClár um nuálaíocht shofhreagrach mhear i réimse na cosanta a bhunú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2024/795 agus (AE) 2026/467 (IO L, 2026/2387, 3.11.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/2387/oj)’.

Airteagal 21

Na rialacha maidir le faisnéis rúnaicmithe a chur i bhfeidhm

1. Chun an Rialachán seo a chur chun feidhme:

(a) déanfaidh na Ballstáit agus tríú tíortha comhlachaithe a bhfuil na faighteoirí bunaithe ar a gcríoch measúnú ar íogaireacht na faisnéise cúlra agus tulra a láimhseáiltear le linn chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gClár;

(b) i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin faoi réir leibhéal aicmiúcháin náisiúnta, bunóidh na Ballstáit agus na tríú tíortha comhlachaithe dá dtagraítear i bpointe (a) creat slándála leordhóthanach i gcomhréir lena ndlíthe agus rialacháin náisiúnta;

(c) áiritheoidh gach Ballstát go dtabharfaidh sé leibhéal cosanta d'fhaisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais atá coibhéiseach leis an leibhéal cosanta dá bhforáiltear sna rialacha slándála a leagtar amach i gCinneadh 2013/488/AE ón gComhairle ([29]);

(d) tabharfaidh an Coimisiún cosaint d'fhaisnéis rúnaicmithe a fhaightear i ndáil leis an gClár i gcomhréir leis na rialacha slándála a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún ([30]).

2. Cuirfidh an Coimisiún córas malartaithe slán creidiúnaithe ar fáil chun malartú faisnéise rúnaicmithe agus íogaire a éascú idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus tríú tíortha comhlachaithe agus, i gcás inarb iomchuí, leis na hiarratasóirí agus na faighteoirí. Cuirfear rialacháin náisiúnta slándála na mBallstát san áireamh sa chóras sin.

Airteagal 22

Iniúchtaí

Is é a bheidh mar bhonn leis an dearbhú foriomlán de bhun Airteagal 127 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 iniúchtaí ar úsáid na ranníocaíochta ón Aontas arna ndéanamh ag daoine nó eintitis, lena n-áirítear daoine nó eintitis seachas iad sin ar thug institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais sainordú dóibh. Scrúdóidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa na cuntais a bhaineann le hioncam agus caiteachas uile an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 287 CFAE.

Airteagal 23

Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht

1. Tabharfaidh na faighteoirí aitheantas d'fhoinse an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe sin, lena n-áirítear nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gClár agus a dtorthaí á gcur chun cinn, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an Rialachán seo, le gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gClár agus leis na torthaí a baineadh amach.

3. Trí acmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar an gClár, féadfar rannchuidiú le gníomhaíochtaí scaipthe, meaitseála agus múscailte feasachta a eagrú, lena n-áirítear chun slabhraí soláthair a oscailt chun rannpháirtíocht trasteorann FBManna a chothú. Áireofar ar gníomhaíochtaí den sórt sin bearta arb é is aidhm dóibh feasacht leathan ar an gClár a áirithiú agus rannpháirtíocht a éascú ar fud an Aontais, go háirithe i measc FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gníomhaithe cosanta neamhthraidisiúnta a bhfuil rannpháirtíocht theoranta acu roimh ré i gcláir de chuid an Aontais. Áireofar ar na gníomhaíochtaí scaipthe bearta lena gcuirfear iarratasóirí féideartha ar an eolas faoin bhféidearthacht go n-áireofar a dtáirgí sa Chatalóg um Dhíolacháin Mhíleata arna bunú faoi Rialachán (AE) 2025/2643.

Airteagal 24

Faireachán, meastóireacht agus athbhreithniú

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an Chláir agus déanfaidh sé measúnú ar a éifeachtacht maidir leis na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach. I bhfianaise chineál ardriosca agus ardacmhainneachta na nuálaíochta cosanta atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach, déanfar measúnú ar leibhéal na punainne ar rath an Chláir.

2. Coinneoidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go tráthrialta faoi chur chun feidhme an Chláir.

([29]) Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/488/oj).

([30]) Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/444/oj).

3. Faoin 1 Iúil 2028, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a tharraingt suas ina ndéanfar meastóireacht ar thionchar agus éifeachtacht na ngníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gClár agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í. Áireofar faisnéis sa tuarascáil sin maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) leibhéal rannpháirtíochta na FBManna;

(b) dáileadh geografach na n-eintiteas dá dtugtar tacaíocht ar fud an Aontais agus na dtríú tíortha comhlachaithe;

(c) dáileadh téamach na ngníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht;

(d) miondealú ar an gcaiteachas de réir cineál gníomhaíochta;

(e) éifeachtacht na nósanna imeachta dámhachtana i gcoibhneas le tagarmharcanna faoi ionstraimí atá ann cheana;

(f) sonraí comhiomlánaithe maidir le glacadh táirgí arna gcistiú ag an gClár.

Airteagal 25

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 21 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	T. DOOLEY